

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/551 ÓN gCOIMISIÚN
an 30 Márta 2021

mairir le húsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhí agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. mar bhreiseán beatha le haghaidh capaill agus madraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin déantar foráil maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin arna n-údarú de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a údarú gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhí. Rinneadh na breiseáin sin a iontráil ina dhiaidh sin i gClár na mbreiseán beatha mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh iarratas isteach chun athmheastóireacht a dhéanamh ar úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhí agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. le haghaidh capaill agus madraí.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a údarú lena n-úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear “comhdhúile blaitithe” a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a cheadú lena n-úsáid in uisce óil.
- (5) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí na breiseáin i gcatagóir na mbreiseán “breiseáin chéadfacha” agus san fheidhmghrúpa “comhdhúile blaitithe”. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (6) Sa tuairim uaidh an 7 Bealtaine 2020 ⁽³⁾, chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”), faoi na coinníollacha úsáide atá beartaíte maidir le húsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol. Chinn an tÚdarás freisin gur cheart úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a mheas mar ghreannaitheoirí don chraiceann agus do na súile agus don chonair riospráide agus mar íogróirí craicinn. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

⁽³⁾ Iris EFSA 2020;18(6):6146.

- (7) Chinn an tÚdarás go n-aithnítear úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. chun bia a bhlaistiú agus ós rud é go mbeadh an fheidhm atá leo i mbeatha go bunúsach mar an gcéanna leis an bhfeidhm atá leo i mbia, meastar nach bhfuil gá le léiriú éifeachtúlachta breise. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. Rinne sé an tuarascáil ar na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.
- (8) Léiríonn an measúnú ar úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú [mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo].
- (9) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le srianta agus coinníollacha ionas gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh. Go háirithe, ba cheart cion molta a léiriú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an cion sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.
- (10) Cé nach bhfuil úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. údaraithe lena n-úsáid mar bhlastáin in uisce óil, ní choiceann sé sin a n-úsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.
- (11) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Tá na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán “breiseáin chéadfacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa “comhdhúile blaitithe” údaraithe mar bhreiseáin beathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Úsáid in uisce óil

Na substaintí údaraithe a shonraítear san Iarscríbhinn ní úsáidfead iad in uisce óil.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, a tháirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 20 Deireadh Fómhair 2021 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 20 Aibreán 2021, féadfar leanúint ar aghaidh dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. An beatha cumaisc agus ábhair beatha a bhfuil na substaintí sin iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 20 Aibreán 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 20 Aibreán 2021, féadfar leanúint ar aghaidh dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. An beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí sin iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 20 Aibreán 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 20 Aibreán 2021, féadfar leanúint ar aghaidh dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíseach.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe									
2b163-eo	-	Bláthola thuirmirice	Comhdhéanamh an bhreiseáin Bláthola díorthaithe trí ghaldriogadh riosóim thriomaithe <i>Curcuma longa</i> L. Tréithriú na substainte gníomhaí Bláthola díorthaithe trí ghaldriogadh riosóim thriomaithe <i>Curcuma longa</i> L. faoi mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ : — ar-Turmarón: 40-60 % — β-Turmarón (curlón): 5-15 % — ar-Curcaiméin: 3-6 % — β-Seiscfeileandrén: 3-6 % — a-Zinibéiréin: 1-5 % — (E)-Atlantón: 2-4 % Uimh. CAS 8024-37-1 ⁽²⁾ Uimhir Einécs 283-882-1 ⁽¹⁾ Uimhir FEMA 3085 ⁽¹⁾ Uimhir CoE 163 Foirm leachtach	Gach speiceas ainmhí	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheasc- áin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i dtaobh cóir- eáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán sonrú an méid seo a leanas: “Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % nó bainne púdrach ina bhfuil cion taise 5,5 %: — gach speiceas ainmhí seachas laonna laofheola: 20 mg — laonna laofheola: 80 mg (bainne púdrach)”. 4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aitheantais, ainm agus cainníocht na substainte gníomhaí ar lipéad an réamh-mheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3.	20.4.2031

			<p>Modh anailíseach ⁽³⁾ Chun ar na marcóirí fíticheimiceacha a cháinníochtú: ar-turmarón agus béite-turmarón sa bhreiseán beathaithe (ola thuirmirice):</p> <p>— Crómataagrafaíocht gháis atá cúpláilte le mais-speictriméadracht (GC-MS) (modh scanta iomláin) trí úsáid a bhaint as modheolaíocht na Tréimhse Coinneála Glasáilte (RTL) (nó substaintí caighdeánacha na marcóirí fíticheimiceacha) agus le (nó gan) crómata-graíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) bunaithe ar mhodh caighdeánach ISO 11024</p>					<p>5. Ní cheadófar bláthola thuirmirice a mheascadh le breiseáin údaráithe eile a fhaightear ó <i>Curcuma longa</i> L. in ábhair bheatha.</p> <p>6. Maidir le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámh-ainní.</p>	
2b163-or	Oiléaroisín tuirmirice	<p>Oiléaroisín Oiléaroisín a fhaightear trí eastóscadh tuaslagóirí riosóim thriomaithe <i>Curcuma longa</i> L.</p> <p>Tréithriú na substainte gníomhaí Oiléaroisín a fhaightear trí eastóscadh tuaslagóirí riosóim thriomaithe <i>Curcuma longa</i> L. faoi mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽⁴⁾.</p>	Gach speiceas ainmhí	-	-	-	<p>1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</p> <p>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i dtaobh cóir-eáil teasa a shonrú.</p> <p>3. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán sonrúfar an méid seo a leanas: “Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:</p>	20.4.2031	

			<p>Bláthola: 30-33 % (meáchan/meáchan)</p> <p>Iomlán na gcurcainínóideach: 20-35 % (meáchan/meáchan)</p> <ul style="list-style-type: none"> — Curcainín (I): 16-21 % (meáchan/meáchan) — Dísmeatocsachurcainín (II): 4-6 % (meáchan/meáchan) — Bios-dísmeatocsachurcainín (III): 3-5 % (meáchan/meáchan). <p>An bhogthaise: 12-30 % (meáchan/meáchan)</p> <p>Modh anailíseach ⁽⁵⁾</p> <p>Chun an marcóir fíticheimiceach (iomlán na gcurcainínóideach) sa bhreiseán beatha (oiléaroisín tuirmirice) a cháinníochtú:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Speictreafótaiméadracht <ul style="list-style-type: none"> – Coimre Chomhcheangailte FAO JECFA maidir le Sonraíochtaí Breiseán Bia, “Oiléaroisín tuirmirice”, monagraf Uimh. 1 (2006) 				<ul style="list-style-type: none"> — Cearca agus béaróga: 30 mg — Speicis eile ainmhi: 5 mg”. <p>4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aitheantais, ainm agus cainníocht na substainte gníomhaí ar lipéad an réamh-mheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3.</p> <p>5. Ní cheadófar oiléaroisín tuirmirice a mheascadh le breiseáin údaráithe eile a fhaightear ó <i>Curcuma longa</i> L. in ábhair bheatha.</p> <p>6. Maidir le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d’fhéadfadh teacht as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní.</p>	
--	--	--	--	--	--	--	---	--

2b163-ex		Úsc tuirmirice	<p>Comhdhéanamh an bhreiseáin Úsc riosóim thriomaithe <i>Curcuma longa</i> L. trí úsáid a bhaint as tuaslagóirí orgánacha.</p> <p>Tréithriú na substainte gníomhaí Úsc riosóim thriomaithe <i>Curcuma longa</i> L. trí úsáid a bhaint as tuaslagóirí orgánacha mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽⁶⁾. Iomlán na gcurcainínídeach: ≥ 90 % (meáchan/meáchan) — Curcainín (I): 74-79 % (meáchan/meáchan) — Dísmeatocsachurcainín (II) 15-19 % (meáchan/meáchan) — Bios-dísmeatocsachurcainín (III) 2-5 % (meáchan/meáchan) Uisce: 0,30-1,7 % (meáchan/meáchan) Uimhir EINECS: 283-882-1 ⁽⁴⁾ Uimhir FEMA: 3086 ⁽⁴⁾ Uimhir CAS 8024-37-1 ⁽⁴⁾ Uimhir CoE: 163 Foirm sholadach (púdar)</p> <p>Modh anailíseach ⁽⁷⁾ Chun an marcóir fíticheimiceach (iomlán na gcurcainínídeach) sa bhreiseán beatha (ús tuirmirice) a chainníochtú: — Speictreafótaiméadracht – Coimre Chomhcheangailte FAO JECFA maidir le Sonraíochtaí Breiseán Bia, “Curcainín”, monagraf Uimh. 1 (2006)</p>	Gach speiceas ainmhí	-	-	-	<ol style="list-style-type: none"> 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i dtaobh cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán sonrófar an méid seo a leanas: “Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % agus bainne púdrach ina bhfuil cion taise 5,5 %: gach speiceas agus laonna laofheola (bainne púdar): 15 mg”. 4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aitheantais, ainm agus cainníocht na substainte gníomhaí ar lipéad an réamh-mheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3. 5. Ní cheadófar úsc tuirmirice a mheascadh le breiseáin údaráithe eile a fhaightear ó <i>Curcuma longa</i> L. in ábhair bheatha. 	20.4.2031
----------	--	----------------	---	----------------------	---	---	---	--	-----------

									<p>6. Maidir le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní.</p>
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ Foinsí nádúrtha blastán – Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

⁽²⁾ Tá baint ag an aitheantóir céanna go neamh-idirdhealaitheach le húisc agus díorthaigh de chineálacha éagsúla ó *Curcuma longa* ar nós bláthola thuirmirice, úsc tuirmirice agus tintiúr tuirmirice.

⁽³⁾ Tá mionsonraí na modhanna anailíseacha ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

⁽⁴⁾ Foinsí nádúrtha blastán – Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

⁽⁵⁾ Tá mionsonraí na modhanna anailíseacha ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

⁽⁶⁾ Foinsí nádúrtha blastán – Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

⁽⁷⁾ Tá mionsonraí na modhanna anailíseacha ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíseach.	Speiceas nó catagóir ainmí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						ml substaint ghníomhach/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe									
2b163-t		Tintiúr tuirmirice	<p>Comhdhéanamh an bhreiseáin Tintiúr a tháirgtear trí úscadh riosóm triomaithe <i>Curcuma longa</i> L. trí úsáid a bhaint as meascán uisce/eatánóil (55/45 % toirt/toirt).</p> <p>Tréithriú na substainte gníomhaí Tintiúr a tháirgtear trí úscadh riosóm triomaithe <i>Curcuma longa</i> L. trí úsáid a bhaint as meascán uisce/eatánóil (55/45 % toirt/toirt), mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾. Feanóil (mar choibhéis d'aigéad gálach): 1 100-1 500 µg/mL Iomlán na gcúcamánóidigh ⁽²⁾ (mar churcaimín): 0,04 – 0,09 % (meáchan/meáchan) Curcaimín (I): 83–182 µg/mL Dísmeatocsachurcaimín (II): 80-175 µg/mL Bios-dísmeatocsachurcaimín (III): 139-224 µg/mL</p>	— Capaill — Madraí	-	-	-	<ol style="list-style-type: none"> 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i dtaobh cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán sonrú an méid seo a leanas: “Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — capaill: 0,75 mL; — madraí: 0,05 mL”. 4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aitheantais, ainm agus cainníocht na substainte gníomhaí ar lipéad an réamh-mheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3. 	20.4.2031

			<p>Bláthola: 1 176-1 537 µg/mL Ábhar tirim: 2,62-3,18 % (meáchan/meáchan) Tuaslagóir (uisce/eatánól, 55/45):96-97,5 % (meáchan/meáchan) Foirm leachtach Uimh. CoE 163 Modh anailíseach ^(?) Chun an marcóir fíticheimiceach (iomlán na gcurcainínóideach) sa bhreiseán beatha a chainníochtú (tintiúr tuirmirice): — Speictreafótaiméadracht (bunaithe ar mhonagraf de chuid Pharmacopoeia Eorpach “Tuirmiric Iáivise” (01/2008:1441)</p>				<p>5. Ní cheadófar tintiúr tuirmirice a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó <i>Curcuma longa</i> L. in ábhair bheatha.</p> <p>6. Maidir le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní.</p>	
--	--	--	--	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ Foinsí nádúrtha blastán – Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

⁽²⁾ Arna chinneadh le speictreafótaiméadracht mar dhíorthaigh meatáin dicineamóil

⁽³⁾ Tá mionsonraí na modhanna anailíseacha ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>